Leanaimid mar choiste ag bualadh le líon mór príosúnach i rith na bliana. Rinne go leor príosúnach iarratas chun an coiste cuairte a fheiceáil in 2014, agus d'iarr roinnt de na príosúnaigh cuairt níos mó ná 1 uair amháin. Bhí roinnt príosúnach freisin a d'iarr go bhfeicfidís an VC i rith 2014 agus sin príosúnaigh a scaoileadh amach, a fuair aistriú, a bhí os comhair na cúirte, nó ar diúltaíodh dá n-iarratas. Freastalaíonn Príosún Chnoc na Seimre ar phríosúnaigh athchurtha den chuid is mó, agus dá bhrí sin is minic go mbíonn daonra an phríosúin cineál neamhbhuan ó thaobh comhdhéanaimh de. Mar thoradh air sin athraítear an fhoireann thart go laethúil, agus scaoiltear amach daonra an phríosúin, agus uaireanta ní chuirtear i bpríosún arís iad. D'fhonn a chinntiú go bhfeicimid an oiread príosúnaigh agus is féidir nuair a thugaimid cuairt, déanaimid iarracht a bheith ar fáil go héasca dóibh, ionas nach gcuirfeadh mórán ama amú ó dhéanann na príosúnaigh iarratas go dtí go bhfeictear iad i ndáiríre. Ar na laethanta cruinnithe gach mí rinneadh éascaíocht d'aon phríosúnach a bhí ag iarraidh muid a fheiceáil trí bheirt chomhaltaí a bhuail leis roimh an gcruinniú. I bPríosún Chnoc na Seimre téann comhaltaí an choiste síos go dtí rannóg na bpríosúnach chun iad a fheiceáil ina dtimpeallacht féin.

Táimid sásta go ndéanann an Gobharnóir a mhachnamh ar uirill a rinneamar thar ceann na bpríosúnach, agus nuair is féidir, agus nuair is indéanta, tugann bainistíocht an phríosúin aghaidh orthu.

Plódú

Bhí sé seo ina ábhar mór imní i gcónaí in 2014. Nuair a mhéadaíonn daonra an phríosúin go dtí os cionn 400 príosúnach cruthaítear deacrachtaí oibríochta agus bíonn sé deacair cúrsaí a bhainistiú. Dá bharr sin uaireanta bíonn ar phríosúnaigh codladh ar na hurláir, agus bíonn brú ar na seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil ag foireann an phríosúin. Arís i mbliana fuaireamar gearáin ó phríosúnaigh gur cuireadh cimithe isteach ina gcillín i rith na hoíche ar thocht, rud a chruthaíonn

teannas, agus dá bharr sin cuirtear isteach ar gach príosúnach sa chillín i rith na hoíche. Maolaíodh an fhadhb de bheagán i dtreo dheireadh na bliana nuair a aistríodh príosúnaigh athchurtha faoi chosaint gnéis chuig Príosún Lár na Tíre agus aistríodh príosúnaigh a raibh pianbhreith gearrtha orthu chuig Príosún na Cruithneachta.

I dtreo dheireadh na bliana aistríodh tuilleadh foirne chuig Príosún Chnoc na Seimre agus chuidigh sé sin freisin le fadhbanna foirne. Tharraingiomar aird roimhe seo ar an tuairim a bhí againn go bhfuil nasc soiléir idir plódú, agus teannais i bpríosúin, gan trácht ar an imní a bhíonn ar an bhfoireann, agus ar na príosúnaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht. Táimid fós docht daingean maidir leis an tuairim sin. Measaimid go gcuireann sé ualach mór millteach ar na hoifigigh, gan trácht ar ndóigh ar an tionchar a bhíonn aige ar chúrsaí slándála. Is áit faoi leith é Príosún Chnoc na Seimre agus toisc go bhfuil stádas athchurtha aige beidh sruth leanúnach príosúnach ag dul tríd an bpríosún i gcónaí. Spreagaimid Seirbhís Phríosúin na hÉireann a bheith níos réamhghníomhaí maidir leis an gcaoi a láimhseálann siad an chontúirt fhéideartha seo d'fhonn a bheith níos éifeachtaí ag teacht ar réiteach.

Díbirt

Leantar ag cur cóiríochta ar fáil do dhaoine díbeartha thar oíche nó díreach ar feadh cúpla uair an chloig. Arís táimid den tuairim gur cheart go mbeadh na príosúnaigh sin ag dul chuig ionad coinneála slán, ní chuig príosún Chnoc na Seimre. Níor chóir go mbeadh gá don phríosún a bheith ag déileáil le fadhbanna a bhaineann go sonrach le cúrsaí inimirce. Ardaíodh an cheist roimhe seo cibé arb é an príosún an áit is oiriúnaí chun iad a choinneáil. Ní mór don aire athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gcás. Go minic tarlaíonn sé go ndéantar príosúnaigh a dhíbirt toisc nach mbíonn aon fháil ag go leor acu ar chomhairle dlí. D'ardaigh an CPT le linn a gcuairte freisin i rith na bliana imní maidir leis an nós sin.

Náisiúnaigh Choigríche

Leanann Príosún Chnoc na Seimre ag freastal ar níos mó náisiúnach coigríche a bhfuil saincheistanna inimirce acu ná aon phríosún eile sa tír. Is mian leis an gcoiste na tuairimí a rinne sé i rith na mblianta a lua arís, iarraidimid ar an aire athbhreithniú a dhéanamh ar an réimse cumarsáide a bhfuil fadhb mhór leis anois. Cruthaíonn an bac teanga fadhbanna nach mór dul i ngleic leo. D'aithin an coiste é seo roimhe seo mar réimse inar féidir forbairt a dhéanamh ar ról an Oifigigh Phríosúin. Deirtear gur ceann de na bealaí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt air seo ná trí oifigigh phríosúin ar fónamh a earcú nó oiliúint as an nua a chur orthu i scileanna teanga. Bheadh ról acu mar ateangairí príosúin, agus bhainfí leas astu chun déileáil le príosúnaigh cimithe, agus de réir mar a theastóidís nuair a bheadh gá le hateangaire.

Bulaíocht agus ciníochas

Níor tugadh aon tuairisc dúinn maidir le haon bhulaíocht nó ciníochas i rith na bliana. I mí an Mhárta 2014 rinneadh athchóiriú ar nósanna imeachta Gearán na bPríosúnach agus is féidir gach saincheist maidir le bulaíocht nó ciníochas a imscrúdú go cuí. Bhí imscrúduithe maidir le gearáin i gcatagóir A ar siúl maidir leis na saincheistanna sin agus níor seasadh le haon cheann.

Príosúnaigh a Fuair Bás sa Phríosún

Ar an drochuair fuair príosúnach amháin bás (MS) in 2014 i bpríosún Chnoc na Seimre, aistríodh a chorp ar ais go dtí a theaghlach sa Pholainn. D'fhreastail Séiplíneach Chnoc na Seimre an tSiúr Margaret O'Donovan ar an tsochraid thar

ceann an Ghobharnóra agus na foirne. Ní féidir linn níos mó a rá toisc go bhfuil an t-ábhar fós á imscrúdú. Déanaimid comhbhrón leis an teaghlach.

Bearta Slándála - Drugaí.

Arís táimid ag iarraidh aird a tharraingt ar an díomá atá orainn nach n-úsáidtear an madra bolaíochta drugaí éighníomhach níos mó i rith na seachtaine i gcomhar leis na nósanna imeachta cuardaigh. Ní fhacamar aon mhadraí drugaí riamh le linn ár gcuartha ar an bpríosún.

Tarraingíodh aird sna meáin le gairid ar an bhfadhb atá le drugaí a bheith á gcaitheamh thar bhallaí an phríosúin, agus á dtabhairt do phríosúnaigh le linn cuairteanna, ardaíodh é sin mar gheall ar bheirt a bhí faoi choimeád a fuair bás le déanaí sa phríosún. Bhain an cás le drugaí. Feidhmíonn Cnoc na Seimre cuairteanna scagtha, rud a chuireann deireadh le drugaí a bheith á dtabhairt amach le linn cuairteanna, mar sin féin táthar an-ímníoch fós faoi dhrugaí a bheith á gcaitheamh isteach thar an mballa ó áiteanna lasmuigh. Éiríonn le príosúnaigh roinnt de na drugaí a fháil agus ansin cruthaítear fadhbanna slándála agus oibríochta laistigh den phríosún.

Príosúnaigh faoi Chosaint

Tá méadú mór i gcónaí ar líon na bpríosúnach a bhíonn ag iarraidh cosaint ar a chimiú chuig príosún. D'fhéadfadh céatadán suntasach de dhaonra an phríosúin a bheith i gceist leis sin ar aon lá. Cuireann sé sin brú ollmhór i gcónaí ar acmhainní an phríosúin, agus bíonn deacrachtaí lóistíochta ann dá bharr. Caitear gach duine de na príosúnaigh sin a scaradh ó na chéile, agus is féidir ansin an dream sin a scartar ó na chéile a dheighilt tuilleadh. Dá bharr sin cruthaítear réimeas príosúin shrianta, lena n-áirítear rochtain theoranta ar oideachas.

Is léiriú den chultúr buíonta sa tsochaí an fás thar cuimse atá tagtha ar chosaint. Mar a thugamar faoi deara roimhe seo ní stopann an t-achrann a chruthaíonn buíonta seachtracha ag geata an phríosúin nuair a chuirtear daoine isteach i bpríosún.

Cathaoir BOSS

Tá an Córas Slándála Oirifíse Coirp in úsáid i gcónaí. Tá an chathaoir deartha chun rudaí a shlogtar go hinmheánach a bhrath. Go dtí seo mar thoradh air tá laghdú 39% tagtha ar líon na bhfón póca atá tagtha isteach sa phríosún. Tá léiriú de feicthe ag an gcoiste, agus labhair siad leis an bhfoireann a bhain úsáid as i bhfáiltiú. Measaimid go mbeidh tionchar ollmhór aige i gcónaí ar líon na bhfón a thugtar isteach i bpríosúin i ngan fhios, agus gearrfaidh sé siar ar an imeaglú a dhéantar ar phríosúnaigh ag cur iallach orthu rudaí éagsúla a thabhairt isteach, toisc gur mó seans atá ann go mbéarfai orthu.

Naisc Físe

Níl mórán úsáide á baint as seo go fóill. Mar gheall air sin shocraigh an Gobharnóir i gCnoc na Seimre deireadh a chur le feidhmiú na saoráide sin. Cúpla mí ina dhiaidh sin ar iarratas ón tSeirbhís Chúirteanna, cuireadh cruinniú ar bun i gCnoc na Seimre, agus thug an Breitheamh agus an tSeirbhís Chúirteanna gealltanais ag an gcruinniú sin ach go dtí seo níor seasadh leis na gealltanais sin. Is oth linn a rá nach bhfuil aon úsáid á baint as an acmhainn luachmhar sin.

Leabharlann

Is saoráid den scoth é seo atá ar fáil sa phríosún, agus nuair a bhíonn sí oscailte úsáideann cion mór de dhaonra an phríosúin í. I gCnoc na Seimre déantar iarracht an leabharlann a oscailt ar feadh ceithre lá gach seachtain mar gheall ar an bhfoireann bhreise a athlonnaíodh ó Phríosún Mhuinseo rud a mhaolaigh easnaimh foirne. Tá triúr oifigeach príosúin sannta chun oibre sa leabharlann ar feadh gach tréimhse. Tugann sé sin deis do bhreis ciontóirí an leabharlann a úsáid. Tugtar am do gach rannán i gCnoc na Seimre cuairt a thabhairt ar an leabharlann. Bíonn na riachtanais eolais chéanna ag príosúnaigh is a bhíonn ag an bpobal, ach ar an drochuair bíonn scileanna oideachais níos ísle ag líon níos mó príosúnach, bíonn deacrachtaí foghlama ag cuid mhaith díobh agus is minic a bhíonn cúnamh ag teastáil uathu chun eolas a lorg. Cuireann leabharlann an phríosúin tuilleadh tábhachta i réimsí ábharthachta do dhaonra an phríosúin, .i. staidéar ar an mbíobla i gcreidimh éagsúla, cúrsaí dlí agus teangacha iasachta. Cruthaítear fadhbanna uaireanta nuair a chuirtear seirbhísí leabharlainne ar fáil do phríosúnaigh faoi chosaint agus bíonn a ndóthain le déanamh ag an bhfoireann chun déileáil leis sin, bíonn tacaíocht oibríochta iomlán ag teastáil sna cásanna sin.

Dúshlán eile don leabharlann is ea an easpa teicneolaíochta nua-aimseartha atá ag athrú, agus atá in ann caighdeán ard oideachais a sholáthar agus tuiscint níos fearr ar fhoghlaim príosúnach a bhféadfadh laigí a bheith ag dul dóibh cosúil le bheith bodhar agus deacrachtaí fisiceacha eile. Ar an drochuair níl príosúnaigh a bhfuil deacrachtaí cognaíochta acu in ann leas a bhaint as seirbhísí na leabharlainne toisc nach bhfuil na hacmhainní sin ar fáil ann. Ba mhaith leis an gCoiste Cuairte an deis a thapú chun iarraidh ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair sa leabharlann chun freastal ar phríosúnaigh atá faoi mhíchumas. Creidimid go bhfeabhsódh sé cáilíocht saoil chuid mhaith de na príosúnaigh, agus d'fhéadfadh sé cabhrú chun na scileanna a fhoghlaim a theastaíonn chun maireachtáil lasmuigh den phríosún sa phobal.

Méadaíodh stoc na leabharlainne le linn na bliana, tá leabhair i bPolainnis, Sínis, Rúisis, Liotuáinis, Rómáinis, Spáinnis, agus Seicis i measc an stoic sin. Is léiriú é sin ar éagsúlacht dhaonra an phríosúin. Nuair a léann siad leabhair ina dteanga féin briseann sé suas an t-am do náisiúnaigh choigríche, agus ar ndóigh díríonn sé a n-intinn ar rud éigin eile. Úsáideann go leor de na príosúnaigh an leabharlann chun páipéir an lae a léamh, chun éisteacht le ceol agus na ríomhairí a úsáid.

Giomnásiamáí

Tá trealamh maith i nGiomnásiamáí an phríosúin. Cuireann sé Corpoideachas, Caitheamh Aimsire, Spórt, agus gníomhaíocht fhisiceach a theastaíonn go géar ar fáil. Is bealach foghlama é spórt do chuid mhaith príosúnach. Cuidíonn sé freisin le príosúnaigh labhairt le príosúnaigh agus le comhghleacaithe eile, agus cuidíonn sé leo slí mhaireachtála fholláin a bheith acu. Tá an Giomnásiam ar fáil do na príosúnaigh go léir, agus tugann sé deis do phríosúnaigh oibriú i dtimpeallacht giomnásiam chun a bheith aclaí, a bheith rannpháirteach i ndeiseanna oibre sa phríosún, agus sláinte fhisiceach a choinneáil agus meabhairshláinte go minic freisin agus iad faoi choimeád. Tá Múinteoirí Corpoideachais ann, agus roinnt oifigeach príosúin a bhfuil oiliúint NECF acu a oibríonn le chéile mar mheitheal chun cláir ghairmiúla, agus cláir den scoth a sholáthar. Lean siad orthu ag cur roinnt príosúnach faoi oiliúint i gcaighdeán aclaíochta FETAC. D'fháilteodh an Coiste Cuairte roimh thogra do phríosúnaigh ina mbeidís níos rannpháirtí i dtuilleadh imeachtaí spóirt faoin spéir d'fhonn idirghníomhaíocht agus dea-chaidreamh a spreagadh idir príosúnaigh agus tuiscint a fháil ar spórt i measc foirne. Tuigimid nach bhfuil go leor spáis i gCnoc na Seimre agus is iomaí cineál príosúnach ann, ach chuirfeadh forbairt páirc uile-aimsire uair éigin amach anseo feabhas mór ar chúrsaí.

An Chistin

Arís eile leanadh ag cur ardchaighdeán seirbhíse ar fáil sa chistin, agus ba léir é sin sna marcanna méadaithe a fuair an chistin ó na hiniúcháirí seachtracha. Is áit an-ghnóthach í an chistin i gCnoc na Seimre agus déantar béilí d'os cionn 400 príosúnach 3 huair sa lá, chomh maith le lón le haghaidh thart ar 100 príosúnach a fhreastalaíonn ar Chúirt Chnoc na Seimre go laethúil. Faoi láthair tá 23 phríosúnach ag obair sa chistin. (16 sa phríomhchistin agus 7 i gceaintín na foirne). Oibríonn na príosúnaigh sin leis na WTOanna, agus faigheann siad oideachas agus oiliúint i gcúrsaí lónadóireachta agus i sláinte agus sábháilteacht, agus má éiríonn leo cúrsaí a chur i gcrích is féidir leo gradaim nó teastais aitheanta a bhaint amach.

Thógamar samplaí den bhia in éineacht leis na Gobharnóirí agus leis an bhfoireann chléireachais, agus bhíomar an-tógtha le caighdeán arda agus le gairmiúlacht na foirne, agus tréaslaímid leis an bhfoireann maidir le caighdeán an bhia. Ba cheart tacaíocht leanúnach a thabhairt ionas go mbeifear in ann bogadh ar aghaidh.

ISM (Bainistíocht Pianbhreithe Comhtháite)

Tá an córas Bainistíochta Pianbhreithe Comhtháite (ISM) ann lena chinntiú go ndéantar idirghníomhaíochtaí le príosúnaigh a chomhordú bunaithe ar phleananna pianbhreithe comhaontaithe.

Mar chuid de ISM, bíonn príosúnaigh freagrach go pearsanta as a gcuid forbartha féin trí rannpháirtíocht níos gníomhaí le seirbhísí sna príosúin. Tá measúnú tosaigh i gceist le ISM, leagan síos spriocanna agus athbhreithniú tréimhsiúil chun dul chun cinn a thomhas.

Faoi ISM, déanann Comhordaitheoir ISM measúnú ar phríosúnach atá cimithe as an nua a bhfuil pianbhreith bliana nó níos mó gearrtha air nó uirthi. Dréachtaítear ansin plean pearsanta a bheidh le comhlánú ag an bpríosúnach i rith a gcuid ama sa phríosún. Déantar athbhreithniú rialta ar an bplean idir an Comhordaitheoir ISM agus an príosúnach, agus bíonn tuairiscí scríofa ag teacht isteach ag an am céanna ó na seirbhísí agus gníomhaireachtaí ábhartha.

Sula scaoiltear amach iad, buaileann an Comhordaitheoir ISM leis an bpríosúnach chun fáil amach cé na riachtanais a bheidh aige nó aici ar a scaoileadh amach agus cuirtear plean i bhfeidhm chun cabhrú lena chomhtháthú isteach sa phobal arís.

Cúram Sláinte

Tá cumhdach Altranais 24 uair an chloig i bpríosún Chnoc na Seimre agus cumhdach Dochtúra Teaghlaigh 7 lá agus seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh ar glao-dhualgas atá mar bhunú ag Cúram Sláinte Príomhúil. Déantar Measúnú Altranais ar gach cimid chuig Cnoc na Seimre nuair a chimítear iad agus feiceann an Dochtúir Teaghlaigh iad lá arna mhárach. Is féidir le príosúnaigh iarratas a dhéanamh an Dochtúir Teaghlaigh a fheiceáil ar 5 lá in aghaidh na seachtaine. Bíonn na clinicí seo a leanas ar fáil freisin mar aon le cúram Sláinte Príomhúil-

Clinic Meataidín: Laethúil agus faigheann 110 príosúnach ar an meán meataidín. Tugann an fhoireann Altranais amach é.

Clinicí Fiaclóireachta: Bíonn 3 chlinic maidine in aghaidh na seachtaine, Dé Luain, Dé Céadaoin agus Dé hAoine a dhéanann an fhoireann fiaclóireachta ó Ospidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath. Feictear 5 phríosúnach ar an meán in aghaidh an chlinic.

Clinicí Síciatracha: Tá Foireann Síciatrach iomlán ann ina bhfuil 1 Síciatraí Comhairleach, 2 Chláraitheoir agus 2 Altra Síciatracha Pobail Dí-Eolaíochta ón CMH a fheastalaíonn ar 5 lá na seachtaine. Bíonn na clinicí ar siúl ar maidin agus tráthnóna ag brath ar an ngá atá leo. Déanann an fhoireann seo scéim atreoraithe cúirte freisin ina n-aithnítear príosúnaigh nach bhfuil ag aireachtáil go maith agus aimsítear áiteanna cóireála dóibh in Ospidéal Síciatrachta Pobail. Tabharfar chuig na háiteanna sin iad, le comhaontú na gCúirteanna i gcomhair cóireála.

Clinicí Andúile: Bíonn 3 chlinic iarnóin in aghaidh na seachtaine, Dé Luain, Dé Céadaoin agus Dé hAoine. Cuireann Síciatríche Andúile ón Lárionad Náisiúnta Cóireála Drugaí, Cúirt na Tríonóide, an tseirbhís sin ar fáil. Is minic go bhfeictear 10 príosúnach ar an meán in aghaidh an chlinic.

Clinic GGT agus VEID: Bíonn sé sin ar siúl gach coicís agus bíonn Comhairleach a bhíonn ag plé le galair ionfhabhtaithe ó Ospidéal San Séamas agus Oifigeach Altranais ó Chnoc na Seimre ina bhun.

Clinic Fleibeatóime: Déanann foireann Altranais Chnoc na Seimre é sin de réir mar is gá

Clinic Cóirithe: Déanann foireann Altranais Chnoc na Seimre é sin gach lá

Clinicí ECG: Déanann foireann Altranais Chnoc na Seimre é sin de réir mar is gá

Altraí a ordaíonn cógais: Tá 2 Altra i gCnoc na Seimre faoi láthair atá oilte agus cáilithe mar Altraí Ordaithe Cógas. Tugann sé sin deis dóibh cógas a mheas agus a ordú do phríosúnaigh gan call dóibh an Dochtúir a fheiceáil. Tá sé sin an-áisiúil go háirithe nuair nach mbíonn Dochtúirí Teaghlaigh ar dualgas m.sh. Dualgas Oíche.

Ar an iomlán, tá seirbhís Chúram Sláinte mhaith agus dea-bhainistithe i gCnoc na Seimre. Ar an drochuair, ach an oiread le cuid mhaith réimsí eile sa phríosún bhí tionchar ag athlonnú foirne faoi línte tascanna laghdaitheacha ar an tseirbhís Chúram sláinte. Chiallaigh sé sin gurbh éigean tacaíocht oifigigh a tharraingt siar ó chlinicí chun freastal ar réimsí eile. Sa todhchaí de réir mar a fheabhsaíonn an geilleagar táthar dóchasach go rachfar i ngleic leis an easnamh foirne sin. Mar fhocal scoir fuair Oifigeach Altranais amháin bonn fiúntais sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2014 as roinnt príosúnach a thabhairt slán ón mbás rud a léiríonn na caighdeáin chúraim a bhaintear amach.

Cros Dhearg na hÉireann & Scéim na nÉisteoirí

Tá clár na Croise Deirge sa phríosún ar an bhfód i gCnoc na Seimre ó 2010 i leith. Bíonn an clár ar bun faoi chomhpháirtíocht idir Cros Dhearg na hÉireann (IRC), Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS) agus Boird Oideachais & Oiliúna na hÉireann (ETBI), agus níos tábhachtaí fós, na príosúnaigh atá oilte le bheith ina saorálaithe leis an gCros Dhearg. Tá feasacht ardaithe ag na saorálaithe i gCnoc na Seimre

maidir le sláinte agus sláinteachas agus garchabhair sa phríosún trí oideachas idir comhghleacaithe. Le cúpla bliain anuas sna tionscadail a bhí acu cuireadh oideachas ar phríosúin eile maidir leis an eitinn / VEID maidir le lámha a ní agus cad is fearr do dhuine a dhéanamh nuair a bhuaileann taom príosúnach. Bhí tionscadal an-rathúil ag grúpa na bliana seo ag tacú leis an achainí bia a bhí ar siúl ag an gCros Dhearg i rith aimsir na Nollag 2014. Tá siad i mbun measúnaithe ar an bpobal i gCnoc na Seimre faoi láthair le feiceáil cén tionscadail ar féidir leo a bheith páirteach iontu chun feabhas a chur ar a bpobal.


Ba é 2014 an t-aonú bliain déag ag an Scéim Éisteachta i bPríosún Chnoc na Seimre. Faoi láthair tá caoga a haon éisteacht ar fud chóras príosúin na hÉireann. Aithnítear iad mar chuid den líne thosaigh ag cuidiú le príosúnaigh as gach cearn den saol. Creidtear gur chuidigh an scéim seo le go leor daoine a thabhairt slán. Ní mór do phríosúnaigh a mbeadh spéis acu a bheith ina n-éisteacht tabhairt faoi phríosúnaigh scagtha agus freastal ansin ar chúrsa sé seachtaine. Tá gá le rúndacht agus tá an príosún iomlán tógtha air sin. Tá sé ráite ag roinnt príosúnach go mothaíonn siad níos fearr iontu féin mar dhaoine as na scileanna a bhaineann leis an scéim a fhoghlaim agus a bheith ag cuidiú le daoine eile. Táthar dóchasach go rachaidh Scéim na nÉisteacht ó neart go neart, agus go dtabharfaidh sé solás do dhaoine ag amanna ina saol a dteastaíonn cúnamh uathu.

[An tIonad Oideachais](#)

Féach faoi iamh Tuarascáil chuimsitheach maidir le hOideachas. Thiomasaigh Ceann an Aonaid Oideachais i gCnoc na Seimre an tuarascáil seo. Tá an Coiste Cuairte buíoch as a cuid tacaíochta agus a cuid gairmiúlachta leanúnaí ag soláthar oideachais do phríosúnaigh faoi choimeád.

[Obair & Oiliúint i gCnoc na Seimre](#)

Féach faoi iamh Tuarascáil chuimsitheach maidir le hObair & Oiliúint sna réimsí difriúla den phríosún don bhliain 2014. Glacann an Coiste Cuairte buíochas le gach Oifigeach atá i gceannas na réimsí sin as a dtacaíocht agus a gcúnamh leanúnach ar feadh na bliana.



Príosún Chnóc na Seimre
Tuarascáil Oideachais 2014

Tuarascáil don Choiste Cuairte ón Aonad Oideachais

2013 2014

Rochtain:

- ✓ Toisc nár fhreastail ach líon beag daoine as an sciathán faoi chosaint in 2012 – 2013 tógadh cinneadh gan tréimhsí cosanta amháin a bheith ar bun san aonad. Sa bhliain acadúil seo bhí rochtain ar oscailt do Sciatháin A, B, D agus E. Méadaíodh líon na seisiún do gach mac léinn go dtí 15 in aghaidh na seachtaine. Bhí tionchar dearfach aige sin ar an amchlár agus bhíothas in ann teagasc a dhéanamh dá bharr. Rinneadh moladh chun freastal ar phríosúnaigh faoi chosaint laistigh den socrú rochtana sin ach níor thacaigh bainistíocht an phríosúin leis an moladh sin.
- ✓ Tá rochtain le haghaidh phríosúnaigh faoi chosaint fós ina thosaíocht don aonad oideachais sa chéad bhliain acadúil eile agus déanfar gach iarracht socrú a dhéanamh a mbeidh bainistíocht an phríosúin in ann glacadh leis

Easnaimh Eile:

Teastaíonn 3 oifigeach scoile ar a laghad ón aonad oideachais chun príosúnaigh a bhailiú i gcomhair oideachais. Tacaíonn bainistíocht an phríosúin go mór leis i dtéarmaí líon na n-oifigeach oideachais a choinneáil san aonad oideachais. Mar sin féin tharla sé 35 uair an bhliain seo gurbh éigean don aonad oideachais feidhmiú gan acu ach beirt oifigeach, méadú de 15 ón mbliain roimhe sin. Níl aon phost le haghaidh oifigeach scoile agus ciallaíonn sé sin go mbíonn oifigigh difriúla i bhfeidhm an aonaid gach lá. Teastaíonn leanúnachas éigin chun bailiú i gcomhair oideachais a uasmhéadú. Mar gheall ar athrú agus ar ghearradh siar ar líon na foirne níl aon dóchas ann go dtiocfaidh aon fheabhas ar chúrsaí.

Feabhas ar Rochtain le haghaidh 2014 - 2015:

Molfaidh an t-aonad oideachais do bhainistíocht an phríosúin go mbronnfaí rochtain ar bhonn cás ar chás do phríosúnaigh faoi chosaint. Má iarrann príosúnach faoi chosaint oideachas, buailfidh an príomhoide leo chun an imní atá orthu go mbeidh siad ag meascadh le príosúnaigh as sciatháin A, B agus E a phlé leo. Más féidir teacht ar amanna a mbeidh siad sásta teacht chuig an aonad ansin seolfar na sonraí sin chuig bainistíocht an phríosúin. Má tá an bhainistíocht sásta go mbeidh cúrsaí slándála ceart go leor ansin leagfar amchlár amach. Samhlaítear gurb é an rannán PM den amchlár an rogha is fearr do phríosúnaigh faoi chosaint freastal orthu.

Níl na hacmhainní teagasc ag an aonad oideachais chun ranganna a chur ar bun lasmuigh den aonad oideachais agus mar sin mura n-oibríonn an moladh sin, ní mór do bhainistíocht an phríosúin freagracht a ghlacadh as na príosúnaigh faoi chosaint i gCnoc na Seimre nach bhfuil rochtain acu ar aon oideachas.

Curaclam:

Ba iad seo a leanas na dámhachtainí, na réimsí ábhar agus na cúrsaí a bhí ar fáil don bhliain acadúil 2013-2014.

Dámhachtainí:

- ✓ Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta – FETAC Leibhéal 2
- ✓ Teastas i Scileanna Infhostaitheachta – FETAC Leibhéal 3
- ✓ Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta – FETAC Leibhéal 3
- ✓ Teastas i TFC – FETAC Leibhéal 3
- ✓ Sonraíochtaí Comhpháirte ag FETAC Leibhéal 4 & 5
- ✓ Matamaitic, Béarla, OSSP, Staidéar Gnó & Ealaíon ag Leibhéal an Teastais Shóisearaigh
- ✓ Matamaitic agus Ealaín ag leibhéal na hArdteistiméireachta

Baineadh teastasú amach sna dámhachtainí atá aibhsithe i ndath gorm.

Soláthraíonn na comhlachtaí dámhachtana seo a leanas creidiúnú:

- ✓ An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- ✓ QQI/FETAC
- ✓ ECDL
- ✓ Bord Comhlachtaithe na gCeolscoileanna Ríoga
- ✓ Rac-Scoil
- ✓ Ollscoil Oscailte

<i>Réimse Ábhair</i>	<i>Teideal an Chúrsa</i>	<i>Comhlacht Creidiúnaithe</i>	<i>Leibhéal</i>
Ealaín	Líníocht	FETAC	Leibhéal 3
	Péinteáil	FETAC	Leibhéal 4
Staidéar Ríomhaireachta	Staidéar Ríomhaireachta	FETAC	Leibhéal 2
	Litearthacht Ríomhaireachta	FETAC	Leibhéal 3
	Próiseáil Focal	FETAC	Leibhéal 3
	Scarbhileoga	FETAC	Leibhéal 3
	Bunachar Sonraí	FETAC	Leibhéal 3
	Feidhmchláir Ríomhaireachta	FETAC	Leibhéal 4
	Scileanna TF	FETAC	Leibhéal 4
	Próiseáil Focal	FETAC	Leibhéal 4
	Modhanna Scarbhileoige	FETAC	Leibhéal 4
	Próiseáil Focal	FETAC	Leibhéal 5
	Táirgeadh Téacs	FETAC	Leibhéal 5
	Modúil 1-6	ECDL	Bunúsach
	Modúil 2,3,4	ECDL	Ard
Scileanna Boga	Éifeachtacht Phearsanta	FETAC	Leibhéal 3
	Scileanna Pearsanta agus Idirphearsanta	FETAC	Leibhéal 3
	Féin-abhcóideacht	FETAC	Leibhéal 3
	Cúram Pearsanta agus Cur i Láthair	FETAC	Leibhéal 3
	Ullmhú Gairme	FETAC	Leibhéal 3
	Éifeachtacht Phearsanta	FETAC	Leibhéal 4
Béarla	Léitheoireacht	FETAC	Leibhéal 2
	Scríbhneoireacht	FETAC	Leibhéal 2
	Ag Leagan Síos Spriocanna Foghlama	FETAC	Leibhéal 2
	Cumarsáid	FETAC	Leibhéal 3
Matamaitic	Cainníocht agus Líon	FETAC	Leibhéal 2
	Matamaitic	FETAC	Leibhéal 3
	Airgead Pearsanta a Bhainistiú	FETAC	Leibhéal 3
	Matamaitic	FETAC	Leibhéal 4
	Matamaitic	An Teastas Sóisearach	Bonnleibhéal
	Matamaitic	An Ardeistiméireacht	Bonnleibhéal
Béarla le haghaidh Cainteoirí teangacha eile	ESOL	FETAC	Leibhéal 3
	ESOL	FETAC	Leibhéal 4
Ceol	Innealtóireacht Fuaime	FETAC	Leibhéal 5
	Teoiric an Cheoil	ABRSM	Grád 1

	Teoiric an Cheoil	ABRSM	Grád 2
Corpoideachas	Sláinte agus Aclaíocht	FETAC	Leibhéal 2
	Cúram Pearsanta	FETAC	Leibhéal 2
	Corpachmhainn ar son na Sláinte	FETAC	Leibhéal 3
	Corpachmhainn ar son na Sláinte	FETAC	Leibhéal 4
An Chrois Dhearg	Garchabhair ag an Obair	FETAC	Leibhéal 5
	Céad Fhreagairt Cairdiach	PHECC	Leibhéal 1
	CBHFA	An Chrois Dhearg	N/B

Tabhair faoi deara: Seasann cúrsaí i ndath dearg le cúrsaí nua a tairgeadh in 2013 – 2014.

Staitisticí maidir le Creidiúnú 2013 - 2014


Teideal an Chúrsa	Comhlacht Creidiúnaithe	Leibhéal	Líon na mac léinn
Líníocht	FETAC	Leibhéal 3	6
Staidéar Ríomhaireachta	FETAC	Leibhéal 2	22
Lítearthacht Ríomhaireachta	FETAC	Leibhéal 3	8
Próiseáil Focal	FETAC	Leibhéal 3	15
Scarbhileoga	FETAC	Leibhéal 3	12
Bunachar Sonraí	FETAC	Leibhéal 3	2
Próiseáil Focal	FETAC	Leibhéal 4	6
Scarbhileoga	FETAC	Leibhéal 4	3
Feidhmchláir Ríomhaireachta	FETAC	Leibhéal 4	2
Scileanna TF	FETAC	Leibhéal 4	3
Próiseáil Focal	FETAC	Leibhéal 5	3
Táirgeadh Téacs	FETAC	Leibhéal 5	2
Éifeachtacht Phearsanta	FETAC	Leibhéal 3	35
Scileanna Pearsanta agus Idirphearsanta	FETAC	Leibhéal 3	28
Féin-abhcóideacht	FETAC	Leibhéal 3	28
Cúram Pearsanta agus Cur i Láthair	FETAC	Leibhéal 3	28
Ullmhú Gairme	FETAC	Leibhéal 3	28
Éifeachtacht Phearsanta	FETAC	Leibhéal 4	28
Léitheoireacht	FETAC	Leibhéal 2	3
Scríbhneoireacht	FETAC	Leibhéal 2	4
Ag Leagan Síos Spriocanna Foghlama	FETAC	Leibhéal 2	7

Cainníocht agus Líon	FETAC	Leibhéal 2	11
Matamaitic	FETAC	Leibhéal 3	10
Matamaitic	An Teastas Sóisearach	Bonnleibhéal	2
Airgead Pearsanta a Bhainistiú	FETAC	Leibhéal 3	2
ESOL	FETAC	Leibhéal 3	9
ESOL	FETAC	Leibhéal 4	2
Teoiric an Cheoil	ABRSM	Grád 1	3
Teoiric an Cheoil	ABRSM	Grád 2	2
Sláinte agus Aclaíocht	FETAC	Leibhéal 2	1
Cúram Pearsanta	FETAC	Leibhéal 2	3
Corpachmhainn ar son na Sláinte	FETAC	Leibhéal 3	15
Garchabhair ag an Obair	FETAC	Leibhéal 5	9
An Chrois Dhearg	An Chrois Dhearg	N/B	9

Laistigh de na staitisticí thuas is iad seo a leanas na torthaí iomlána maidir le FETAC:


Líon Iomlán Daltaí a fhuair creidiúnú in 2013 - 2014	Líon iomlán na bpunann a cuireadh i láthair in 2013 - 2014	Leibhéal	Dámhachtainí iomlána a baineadh amach
97	296	2	2
		3	7
	Líon daltaí le haghaidh Scrúduithe Stáit	An Teastas Sóisearach	2

FETAC Assessment Dec. 13 - June 14




Fíor 4- Measúnú FETAC Nollaig 2013 - Meitheamh 2014

FETAC Assessment Level 2 Dec 13- June14




Fíor 5- Measúnú FETAC Nollaig 2013 - Meitheamh 2014

FETAC Assessment Level 3 Dec 13 - June 14



FETAC Assessment Level 4 & Level 5 Dec. 13 - June 14



Fíor 4 - Measúnú FETAC Leibhéal 4 & Leibhéal 5 Nollaig 2013 - Meitheamh 2014

Soláthar Litearthachta agus Uimhearthachta:

Téann gach mac léinn a théann i láthair i gcomhair oideachais san aonad oideachais i bPríosún Chnoc na Seimre faoi mheasúnú litearthachta agus uimhearthachta. (Ní théann mic léinn a bhfuil an teastas sóisearach nó an ardeistiméireacht déanta acu faoi mheasúnú bunaithe sa phríosún).

Torthaí an Mheasúnaithe Litearthachta agus Uimhearthachta le haghaidh 2013-2014

Líon na mac léinn a ndearnadh measúnú orthu	180
---	-----

<i>Leibhéal</i>	<i>Léitheoireacht</i>	<i>Scribhneoireacht</i>	<i>Uimhearthacht</i>
Réamh – Leibhéal 1	1	3	2
Leibhéal 1	4	12	9
Leibhéal 2	21	24	34
Leibhéal 3	154	132	132

Soláthar ESOL:

Téann gach mac léinn ESOL a théann i láthair i gcomhair rang teagaisc Béarla faoi mheasúnú teanga.

Líon na mac léinn a ndearnadh measúnú orthu	74
Líon ag Réamh-Thosaitheoir Leibhéal 0	29
Líon ag Tosaitheoir Leibhéal 1	34
Líon ag Tosaitheoir Leibhéal 2	11

Leithdháiltear trí sheisiún uair an chloig de theagasc teanga in aghaidh na seachtaine ar gach leibhéal.

Dul chun cinn:

Feidhmíonn formhór na mac léinn ag stádas Leibhéal 3 agus níl siad sách fada aon aonad oideachais le clár iomlán Leibhéal 3 a chur i gcrích.

Toisc gur príosún athchurtha é Cnoc na Seimre déanann formhór na bpríosúnach dul chun cinn chuig aonaid oideachais i bpríosúin eile. Má chláraíonn siad in aonad oideachais eile laistigh den chóras príosúin cuirtear a dtaifead oibre ar aghaidh chuig an aonad sin ó Chnoc na Seimre.

Faigheann príosúnaigh atá ag déanamh pianbhreithe agus a scaoiltear amach as Cnoc na Seimre tacaíocht maidir le riachtanais breisoideachas ón tSeirbhís Oideachais don tseirbhís Treoir Príosún nuair is féidir. Mura féidir é sin a dhéanamh ansin próiseálann an Príomhoide aon iarratais eile ar oideachas.

In 2012 – 2013 próiseáladh **3** iarratas ar iontráil chuig breisoideachas ón aonad oideachais chuig na coláistí seo a leanas

- ✓ Coláiste Chromghlinne
- ✓ LibertiesCollege
- ✓ Clár um Fhilleadh ar an bhFoghlaim Loch Garman

Rinneadh **3** atreorú eile chuig ionaid oideachais do dhaoine fásta le haghaidh príosúnach ar mian leo fillleadh ar oideachas sna háiteanna seo a leanas:

- ✓ Coláiste Dhúlaigh
- ✓ Coláiste Pobail Uí Lorcáin.

Is féidir le príosúnaigh atá athchurtha go fadtéarmach agus príosúnaigh ar gearradh pianbhreith orthu dul ar aghaidh ó Leibhéal 3 go dtí Leibhéal 4 sna réimsí ábhair seo a leanas.

- ✓ TF
- ✓ Ealaín
- ✓ Corpacmhainn ar son na Sláinte
- ✓ Cumarsáid
- ✓ Matamaitic
- ✓ ESOL

Measúnacht:

Déantar measúnacht tríd na rudaí seo a leanas:

6. Measúnacht ar fhoirmeacha cúrsaí
7. Leanúnach 1:1 le mic léinn
8. Measúnacht ábhair le mac léinn
9. Maidin mheasúnachta mic léinn x 2 in aghaidh na bliana acadúla
10. Lá measúnachta an aonaid

Níor tharla an mheasúnacht trí Uimh. 4 agus 5 thuas sa bhliain acadúil seo mar gheall ar fhadhbanna a bhí le tinreamh foirne ag na cruinnithe sin agus sin toisc na srianta i gcomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Is rud achrannach é sin agus táthar dóchasach go mbeifear in ann dul i ngleic leis sa chéad bhliain acadúil eile. Toisc gur foireann múinteoirí ar chonradh pro-rata den chuid is mó atá ag obair i gCnoc na Seimre is beag múinteoirí a bhíonn ar fáil le haghaidh cruinnithe deireadh bliana toisc go mbíonn a gcuid uaireanta de réir chomhaontú Pháirc an Chrócaigh comhlíonta acu ag an bpointe sin. Dá bhrí sin ní dhearnadh aon mheasúnacht go dtí an gnáth-chaighdeán i mbliana. Tá sé i gceist ag an bPríomhoide é sin a chur faoi bhráid an chomhordaithe sula gcomhaontaítear sceideal Pháirc an Chrócaigh don chéad bhliain acadúil eile agus straitéis a oibriú amach faoina mbeidh an oiread foirne agus is féidir ar fáil i gcomhair laethanta measúnachta.

Conclúid:

Bhí go leor buaicphointí arís i mbliana. Mar sin féin tá ceist achrannach ann mar má tá aon dul chun cinn breise le déanamh teastóidh tuilleadh acmhainní teagaisc. Rinne an príomhoide roinnt iarrachtaí tuilleadh acmhainní a fháil ach níor éirigh leis. Dá bhrí sin déanfar dámhachtain iomlán ag Leibhéal 4 a tharraingt siar ón amchlár agus ní bheidh forbairt chuig clár an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta ar siúl in 2014 - 2015.

Tá beirt fhoirne sinsearach (Corpoideachas agus Béarla/Litearthacht) ag glacadh sosanna gairme mar sin beidh sé deacair obair fhorbartha a dhéanamh sna réimsí sin toisc go dtógfaidh sé am ar na daoine a thiocfaidh ina n-áit socrú síos.

Dá bhrí sin beidh forbairt deacair i roinnt réimsí den phlean. Is iad seo a leanas na réimsí a dtabharfar tosaíocht dóibh.

➤ **Rochtain:**

- ✓ Rochtain a bhaint amach san aonad oideachais do phríosúnaigh faoi chosaint

➤ **Measúnacht:**

- ✓ A chinntiú go mbíonn na laethanta measúnachta mac léinn agus lá measúnachta an aonaid ar bun.

Tabhair faoi deara:

Ní féidir aon tosaíochtaí a aithint le haghaidh an churaclaim agus le haghaidh creidiúnaithe mura mbeidh acmhainní feabhsaithe ann.



Príosún Chnoc na Seimre
Tuarascáil ar Obair agus Oiliúint
2014

Réamhrá

Ba bhliain dhúshlánach a bhí in 2014 ag gach duine a bhí ag obair agus ag dul faoi oiliúint i bPríosún Chnoc na Seimre. D'fhág foireann laghdaithe agus srianta airgid ar fud eastát an phríosúin gurbh fhurasta díriú ar obair agus ar oiliúint nuair a bhí gearradh siar le déanamh.

I rith 2014, cuireadh dhá WTO nua i gCnoc na Seimre, 1 sa timpeallacht agus 1 i scileanna boga.

Tá níos mó agus níos mó príosúnach ag glacadh áiteanna ar na ceardlanna bliain i ndiaidh bliana in ainneoin líon na gcimithe ar an meán a bheith ag titim.

Faoi láthair níl aon Bhainisteoir Tionsclaíoch buan i bPríosún Chnoc na Seimre. Tá oifigeach ceaptha ach ní féidir é a scaoileadh óna dhualgais reatha. Mar gheall air scaipeadh amach an post i measc foirne éagsúla. Táthar ag súil go bhféadfar scaoileadh leis an oifigeach ceaptha chun an post sin a ghlacadh go luath.

Seo tuairisc ghairid ar gach réimse oibre & oiliúna:

An Phríomhchistin:

Arís eile leanadh ag cur ardchaighdeán seirbhíse ar fáil sa chistin. Ar an drochuair mar gheall ar srianta buiséid bhí fadhb le hiniúcháirí seachtracha maidir le saincheisteanna struchtúracha agus mar gheall air sin theip ar an gcistin i roinnt iniúchtaí mar gheall ar chúinsí struchtúracha. Tá sé mar aidhm na ceisteanna sin a réiteach chomh luath agus is féidir. Coinníodh ardchaighdeán glantacháin freisin sa chistin agus chomhlíon an mhapaireacht agus na samplaí bia a tógadh go léir na caighdeáin atá leagtha síos. Is áit an-ghnóthach í an chistin i gCnoc na Seimre agus déantar béilí d'os cionn 400 príosúnach 3 huair sa lá, chomh maith le lón le haghaidh thart ar 100 príosúnach a fhreastalaíonn ar Chúirt Chnoc na Seimre go laethúil.

Mar gheall ar an líon mór oibríthe a athraítear thart sa phríosún ní bhíonn aon oiliúint aitheanta ar bun le haghaidh príosúnach, ach faigheann príosúnaigh cúrsa oiliúna 2 sheachtain istigh sa phríosún féin.

Bialann na Foirne:

Seo é an dara bliain i mbun oibre bialann na foirne ag WTOanna agus tá ag éirí thar cionn leis i measc na foirne. Faightear bricfeasta te/ fuar sa bhialann, lón beag agus dinnéar te seacht lá na seachtaine. Theip ar an mbialann i roinnt iniúchtaí freisin mar gheall ar shaincheisteanna struchtúracha agus táthar ag súil dul i ngleic leo sin go luath in 2015.

Giomnáisiamáí:

Tá 3 ghiomnáisiam i gCnoc na Seimre agus bíonn 2 cheann ar oscailt ag aon am ar bith. Is é an príomh-giomnáisiam LDU an ceann is mó de na giomnáisiamáí agus freastalaíonn sé ar phríomh-dhaonra an phríosúin agus freastalaíonn giomnáisiamáí

rannóga C & E níos mó ar na príosúnaigh atá faoi chosaint.
Teastaíonn trealamh nua ar fad a chur in áit chuid mhaith den trealamh sa
ghiomnásiam.

Glantachán Tionsclaíoch:

Is iomaí ról a bhaineann le Glantachán Tionsclaíoch agus níorbh aon eisceacht an
bhliain seo. Cuireadh cúrsa oiliúna deimhnithe ar bun do phríosúnaigh sa deireadh
thiar in 2014 agus mar thoradh air sin bhronn city & guilds 150 deimhniú ar
phríosúnaigh. Mar gheall ar an gcáilíocht sin d'éirigh le cúpla príosúnach post a fháil
dóibh féin go seachtrach. Tá sé beartaithe ceimiceáin nua a thástáil i gCnoc na Seimre
ag tús 2015 agus is sábháil mhór a bheidh ansin don IPS. Tá ceisteanna go fóill maidir
leis an bhfoireann a athlonnú sa réimse seo in ainneoin inní a bheith faoi shláinte
agus sábháilteacht maidir leis na ról sin.

Ríomhairí:

Tá an cheardlann ríomhairí ar bun agus 2 W.T.O. i mbun maoirseachta/oiliúna 7 lá na
seachtaine nuair is féidir. Tugann sé sin áit éigin eile do phríosúnaigh, go háirithe iad
sin nach bhfuil in ann ar chúiseanna éagsúla freastal ar an scoil.

Neachtlann:

Níl an trealamh fós sa neachtlann i gCnoc na Seimre chun freastal ar an éileamh atá
air. Cé go seoltar cuid den níos níos go Cnoc an Arbhair bímid fós ag plé le lear mór
ábhar. Cuireadh cás gnó isteach maidir le huainchlár ceann i ndiaidh a chéile roinnt
uaireanta agus in ainneoin aon saincheisteanna maidir le LSA, creidimid gur cheart
féachaint arís ar na saincheisteanna sin. Thug roinnt príosúnach faoin gcúrsa guild of
Launders faoi cheannaireacht an WTO atá i gceannas na neachtlainne.

An Comhshaol:

Líonadh an post sin i mí Márta 2014 agus tá ag éirí thar cionn leis an WTO lena
mbaineann sa phríosún. Is é an príomhdheacracht atá leis an bpost ná oibríthe
oiriúnacha a aimsiú.

Scileanna Boga:

Líonadh an post sin go luath in 2014 ach in ainneoin gur ceapadh WTO sa réimse seo
níl aon oiliúint fós ar an oifigeach agus is le déanaí anuas a ceannaíodh ábhar. Tá an
trealamh ann anois ach níltear á úsáid. Idir an dá linn tá an t-oifigeach ag maoirsiú
cóisirí péinteála.

Táthar ag súil in 2015 go leanfaidh gach ceardlann i gCnoc na Seimre ag feidhmiú ag
a gcumas uasta agus go leanfar dá bhrí sin leis an treocht atá ann níos mó daoine a
bheith ag freastal ar cheardlann.

Conclúid

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt don chúnamh ar fad a thug na gníomhaireachtaí éagsúla lena gcuid ama agus seirbhísí ar bhonn laethúil/seachtainiúil ar mhaithe leis an tseirbhís phríosúin. Chomhlíon an coiste a dhualgais go cuí agus é meáite ar iad a chomhlíonadh go hiomlán in 2015.

Ba mhaith linn freisin buíochas a ghabháil leis na Gobharnóirí Ronan Maher, Fergus Woods agus Chris Mc Cormack, agus le rúnaí an Ghobharnóra agus leis an bhfoireann go léir as a gcúnamh agus a gcomhoibriú i rith na bliana.

Ba mhaith leis an gCoiste Cuairte buíochas a ghabháil arís leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le hArd-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS). Tá an Coiste Cuairte ag tnúth le caidreamh oibre gairmiúil agus folláin arís in 2015.

Sínithe:

Peggy Downey (Cathaoirleach)

Laura Jenkins

Fintan Hudson

David Ruddy